Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11743/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0288(NLE)**

**AELE 92**
**EEE 76**
**N 115**
**ISL 71**
**FL 71**
**TRANS 536**
**MI 661**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 546 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Tríú agus an Ceathrú Pacáiste Iarnróid) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 546 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 546 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2021
COM(2021) 546 final

2021/0288 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(An Tríú agus an Ceathrú Pacáiste Iarnróid)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i dtaca leis na Cinntí ó Chomhchoiste LEE a bhfuil sé beartaithe a ghlacadh agus a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE.

### 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú LEE

Leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna laistigh den Mhargadh Inmheánach le haghaidh saoránach agus le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir le cuimsiú reachtaíochta de chuid an Aontais lena gcumhdaítear na ceithre shaoirse ar fud na 30 Stát in LEE, mar atá na Ballstáit den Aontas, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Thairis sin, cumhdaítear le Comhaontú LEE comhar i réimsí tábhachtacha eile amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, a dtugtar beartais 'tionlacain agus chothrománacha' orthu i dteannta a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994. Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach in éineacht lena Bhallstáit.

### 2.2. Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE freagrach as Comhaontú LEE a bhainistiú. Is fóram é chun tuairimí a bhaineann le feidhmiú Chomhaontú LEE a mhalartú. Is de chomhthoil a ghlactar cinntí an Chomhchoiste. I gcomhréir le Conradh Liospóin, is í an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí atá freagrach as ábhair LEE a chomhordú ar thaobh an Aontais.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste LEE

Táthar ag súil go nglacfaidh Comhchoiste LEE dhá Chinneadh ó Chomhchoiste LEE ('na gníomhartha atá beartaithe') i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE. Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe 38 ngníomhartha dlí lena bhfoirmítear an tríú agus an ceathrú Pacáiste Iarnróid a ionchorprú i gComhaontú LEE mar a leanas:

**Iarscríbhinn 1 - An Tríú Pacáiste Iarnróid**

1. Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid[1], arna ceartú le IO L 67, 12.3.2015, lch. 32;
2. Treoir (AE) 2016/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena leasaítear Treoir 2012/34/AE a mhéid a bhaineann leis an margadh le haghaidh seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt agus le rialachas an bhonneagair iarnróid[2];
3. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/171 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2015 maidir le gnéithe áirithe den nós imeachta um cheadúnú gnóthas iarnróid[3];

[1] IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.
[2] IO L 352, 23.12.2016, lch. 1.
[3] IO L 29, 5.2.2015, lch. 3.

4. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/429 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 lena leagtar amach módúlachtaí atá le leanúint chun gearradh costas a chur i bhfeidhm ar éifeachtaí torainn[4];

5. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/909 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2015 maidir leis na módúlachtaí chun costas a ríomh a tabhaíodh go díreach de thoradh an tseirbhís traenach a oibriú[5];

6. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2015 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát faoi chuimsiú faireachán ar an margadh iarnróid[6];

7. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/545 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2016 maidir le nósanna imeachta agus critéir a bhaineann le creat-chomhaontuithe maidir le leithdháileadh toilleadh bonneagair iarnróid[7];

8. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2017 maidir le rochtain ar shaoráidí seirbhísí agus ar sheirbhísí a bhaineann leis an iarnród[8];

9. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1795 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2018 lena leagtar síos nós imeachta agus critéir maidir le cur i bhfeidhm na tástála cothromaíochta eacnamaíche de bhun Airteagal 11 de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9];

10. Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2075 ón gCoimisiún an 4 Meán Fómhair 2017 a chuirtear in ionad Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid[10]

**Iarscríbhinn 2 - An Ceathrú Pacáiste Iarnróid**

1. Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004[11];

2. Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú)[12];

3. Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Sábháilteacht Iarnróid (athmhúnlú)[13], arna ceartú le IO L 59, 7.3.2017, lch. 41 agus le IO L 317, 9.12.2019, lch. 144;

4. Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a mhéid a

[4] IO L 70, 14.3.2015, lch. 36.
[5] IO L 148, 13.6.2015, lch. 17.
[6] IO L 181, 9.7.2015, lch. 1.
[7] IO L 94, 8.4.2016, lch. 1.
[8] IO L 307, 23.11.2017, lch. 1.
[9] IO L 294, 21.11.2018, lch. 5.
[10] IO L 295, 14.11.2017, lch. 69.
[11] IO L 138, 26.5.2016, lch. 1.
[12] IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.
[13] IO L 138, 26.5.2016, lch. 102.

bhaineann leis an margadh do sheirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt[14];

5. Rialachán (AE) Uimh. 2019/554 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail[15];

6. Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann leis na feidhmchláir theileamaitice d'fhochórais lasta an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 62/2006[16];

7. Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/761 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta sábháilteachta tar éis deimhniú aonair sábháilteachta nó údarú sábháilteachta a eisiúint de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2012 ón gCoimisiún[17];

8. Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/762 ón gCoimisiún an 8 Márta 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le ceanglais i ndáil le córas bainistíochta sábháilteachta de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1158/2010 agus (AE) Uimh. 1169/2010 ón gCoimisiún[18];

9. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2017 maidir le plean imscartha an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid[19];

10. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/278 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2018 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le struchtúr na dteachtaireachtaí, leis an tsamhail sonraí agus teachtaireachtaí, leis an mBunachar Sonraí Oibriúcháin Vaigín agus Aonaid Idirmhódúil, agus chun caighdeán TF a ghlacadh le haghaidh sraith chumarsáide an Chomhéadain Choitinn[20];

11. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2018 lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir leis an bpróiseas údaraithe um fheithiclí iarnróid agus um chineál feithiclí iarnróid de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21];

12. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/763 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2018 lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir le deimhnithe sábháilteachta aonair a eisiúint chuig gnóthais iarnróid de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa

14 IO L 354, 23.12.2016, lch. 22.
15 IO L 97, 8.4.2019, lch. 1.
16 IO L 356, 12.12.2014, lch. 438.
17 IO L 129, 25.5.2018, lch. 16.
18 IO L 129, 25.5.2018, lch. 26.
19 IO L 3, 6.1.2017, lch. 6.
20 IO L 54, 24.2.2018, lch. 11.
21 IO L 90, 6.4.2018, lch. 66.

agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 653/2007 ón gCoimisiún[22];

13. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2018 maidir leis na táillí agus na muirir iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus na coinníollacha a bhaineann lena n-íocaíocht[23];

14. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/867 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2018 lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Bhoird Achomhairc Ghníomhaireachta Iarnróid an Aontais Eorpaigh[24];

15. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/868 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1301/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 a mhéid a bhaineann le forálacha maidir le córas tomhais fuinnimh agus córas bailithe sonraí[25];

16. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/250 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2019 maidir le teimpléid na ndearbhuithe agus na ndeimhnithe 'CE' le haghaidh comhábhair idir-inoibritheachta agus fochórais iarnróid, maidir le múnla an dearbhaithe comhréireachta le haghaidh cineál údaraithe feithicil iarnróid agus maidir leis na nósanna imeachta um fhíorú 'CE' le haghaidh fochóras i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 201/2011 ón gCoimisiún[26];

17. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 a mhéid a bhaineann le fardal na sócmhainní d'fhonn bacainní ar inrochtaineacht a shainaithint, faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hinrochtaineacht[27];

18. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE[28];

19. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/774 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na sonraíochta teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'rothstoc – torann' i leith vaigíní lastais atá ann cheana[29];

20. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/775 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 454/2011 a mhéid a bhaineann le Bainistiú Rialaithe Athruithe[30];

21. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 an 16 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE)

---

22 IO L 129, 25.5.2018, lch. 49.
23 IO L 129, 25.5.2018, lch. 68.
24 IO L 149, 14.6.2018, lch. 3.
25 IO L 149, 14.6.2018, lch. 16.
26 IO L 42, 13.2.2019, lch. 9.
27 IO L 139I, 27.5.2019, lch. 1.
28 IO L 139I, 27.5.2019, lch. 5.
29 IO L 139I, 27.5.2019, lch. 89.
30 IO L 139I, 27.5.2019, lch. 103.

2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún[31];

22. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir le sonraíochtaí coiteanna chlár an bhonneagair iarnróid agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/880/AE[32];

23. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/778 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le Bainistiú Rialaithe Athruithe[33];

24. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le córas deimhniúcháin le haghaidh eintiteas atá freagrach as cothabháil feithiclí de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 ón gCoimisiún[34];

25. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún an 9 Márta 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1302/2014 agus (AE) 2016/919 a mhéid a bhaineann leis an limistéar úsáide a leathnú agus leis na céimeanna aistrithe[35];

26. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/424 ón gCoimisiún an 19 Márta 2020 maidir le faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin a mhéid a bhaineann le neamhchur i bhfeidhm sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797[36];

27. Treoir 2014/38/AE ón gCoimisiún an 10 Márta 2014 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailliú torainn[37];

28. Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh na gclár feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún[38].

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cuireann seirbhísí an Choimisiúin na dréacht-Chinntí ó Chomhchoiste LEE faoi bhráid na Comhairle lena nglacadh mar sheasamh an Aontais. Tá súil ag an gCoimisiún é a chur i láthair Chomhchoiste LEE a luaithe is féidir.

Maidir le hábhar agus cineál dhréacht na gCinntí ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal, téitear thar an méid ar féidir a mheas mar oiriúnuithe teicniúla de réir Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle. Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, a bhunóidh seasamh an Aontais.

31 IO L 139I, 27.5.2019, lch. 108.
32 IO L 139I, 27.5.2019, lch. 312.
33 IO L 139I, 27.5.2019, lch. 356.
34 IO L 139I, 27.5.2019, lch. 360.
35 IO L 73, 10.3.2020, lch. 6.
36 IO L 84, 20.3.2020, lch. 20.
37 IO L 70, 11.3.2014, lch. 20.
38 IO L 268, 26.10.2018, lch. 53.

Cuimsítear na hoiriúnuithe seo a leanas *inter alia* sna Cinntí ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo.

**An Tríú Pacáiste Iarnróid**

Treoir 2012/34 - Airteagal 40(2) – oiriúnú (1c)

Leagtar amach le hAirteagal 40(2) go gcuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi na príomhchruinnithe ag a bhforbraítear prionsabail choiteanna agus cleachtais choiteanna chun bonneagar a leithdháileadh agus go n-iarrfar air freastal ar na cruinnithe sin mar bhreathnóir. Tugtar soiléiriú leis na hoiriúnuithe go gcuirfear Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoi na cruinnithe agus go n-iarrfar air freastal orthu de réir na dtéarmaí céanna a leagtar amach le haghaidh an Choimisiúin, rud a léiríonn struchtúr dhá cholún Chomhaontú LEE.

Treoir 2012/34 - Airteagal 15(5) - oiriúnú (1d)

Leagtar amach le hAirteagal 15(5) ceanglais a bhaineann le faisnéis a chuirtear isteach gach bliain maidir le húsáid na ngréasán agus teacht chun cinn na gcreatchoinníollacha san earnáil iarnróid. Maidir le hoibleagáid Lichtinstéin chun an fhaisnéis is gá a chur fáil ar bhonn bliantúil i dtaca le húsáid na ngréasán agus teacht chun cinn na gcreatchoinníollacha san earnáil iarnróid, de réir comhaontú lamhháltais idir Lichtinstéin agus an Ostair, comhlíonfaidh Iarnróid Chónaidhmeacha na hOstaire an oibleagáid sin, ós rud é gur le hIarnróid Chónaidhmeacha na hOstaire an bonneagar iarnróid iomlán atá ann faoi láthair in Lichtinstéin agus go n-oibríonn sé é. Ó thaobh Iarnróid Chónaidhmeacha na hOstaire de, is cuid dá ghréasán/bhonneagar iarnróid féin é an gréasán/bonneagar ar thalamh Lichtinstéin agus déanfar é a oibriú agus a mhaoirsiú dá réir sin. Dá bhrí sin, cuirfear mír le hAirteagal 15 lena leagfar amach nach mbeidh feidhm ag an oibleagáid in Airteagal 15(5) maidir le Lichtinstéin a mhéid atá sonraí curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ballstát den Aontas, le haghaidh bliain ar leith, lena gcuimsítear críoch Lichtinstéin. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le haon sonraí eile a chumhdaítear le hAirteagal 15(5).

**An Ceathrú Pacáiste Iarnróid**

*Airteagal 55 - Boird Achomhairc*

Oiriúnú ar Rialachán (AE) 2016/796, foráiltear le hAirteagal 55 go mbeidh náisiúnaigh CSTE LEE incháilithe le bheith ina gcomhaltaí de na Boird Achomhairc, agus leis sin tugtar cearta vótála. Úsáideadh an cineál oiriúnaithe céanna nuair a rinneadh an Rialachán lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa a ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 163/2011 ó Chomhchoiste LEE.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. An bunús dlí atá leis an nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí

idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[39].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, eadhon Comhaontú LEE. An dá ghníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis na cinntí atá beartaithe i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle, braitheann sé go príomha ar bhunús dlí substainteach ghníomhartha dlí an Aontais atá le hionchorprú i gComhaontú LEE.

Má tá dhá aidhm ag na gníomhartha atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt iontu agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt, agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon ar an mbunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar na ngníomhartha atá beartaithe le hiompar. Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí substainteach le haghaidh na gcinntí atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE agus Airteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar, le gníomhartha Chomhchoiste LEE, Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE, is iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

[39] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2021/0288 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE

## (An Tríú agus an Ceathrú Pacáiste Iarnróid)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[40], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[41] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú, iarscríbhinn ina bhfuil forálacha maidir le hiompar.

(3) Tá na gníomhartha seo a leanas a bhaineann le hiompar d'iarnród le hionchorprú i gComhaontú LEE:

- Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42],
- Treoir (AE) 2016/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/171 ón gCoimisiún[44],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/429 ón gCoimisiún[45],

---

40 IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

41 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

42 Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid, arna ceartú le IO L 67, 12.3.2015, lch. 32, IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.

43 Treoir (AE) 2016/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena leasaítear Treoir 2012/34/AE a mhéid a bhaineann leis an margadh le haghaidh seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt agus maidir le rialachas an bhonneagair iarnróid, IO L 352, 23.12.2016, lch. 1.

44 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/171 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2015 maidir le gnéithe áirithe den nós imeachta um cheadúnú gnóthas iarnróid, IO L 29, 5.2.2015, lch. 3.

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/909 ón gCoimisiún[46],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún[47],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/545 ón gCoimisiún[48],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177 ón gCoimisiún[49],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1795 ón gCoimisiún[50],
- Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2075 ón gCoimisiún[51],
- Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52],
- Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53],
- Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54],
- Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55],
- Rialachán (AE) 2019/554 ón gCoimisiún[56],
- Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 ón gCoimisiún[57],

---

45 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/429 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 lena leagtar amach módúlachtaí atá le leanúint chun gearradh costas a chur i bhfeidhm ar éifeachtaí torainn, IO L 70, 14.3.2015, lch. 36.

46 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/909 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2015 maidir leis na módúlachtaí chun costas a ríomh a tabhaíodh go díreach de thoradh an tseirbhís traenach a oibriú, IO L 148, 13.6.2015, lch. 17.

47 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2015 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát faoi chuimsiú faireachán ar an margadh iarnróid, IO L 181, 9.7.2015, lch. 1.

48 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/545 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2016 maidir le nósanna imeachta agus critéir a bhaineann le creat-chomhaontuithe maidir le leithdháileadh toilleadh bonneagair iarnróid, IO L 94, 8.4.2016, lch. 1.

49 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2017 maidir le rochtain ar shaoráidí seirbhísí agus ar sheirbhísí a bhaineann leis an iarnród, IO L 307, 23.11.2017, lch. 1.

50 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1795 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2018 lena leagtar síos nós imeachta agus critéir maidir le cur i bhfeidhm na tástála cothromaíochta eacnamaíche de bhun Airteagal 11 de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 294, 21.11.2018, lch. 5.

51 Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2075 ón gCoimisiún an 4 Meán Fómhair 2017 a chuirtear in ionad Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid, IO L 295, 14.11.2017, lch. 69.

52 Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004, IO L 138, 26.5.2016, lch. 1.

53 Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú), IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.

54 Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Sábháilteacht Iarnróid (athmhúnlú), arna ceartú le IO L 59, 7.3.2017, lch. 41 agus le IO L 317, 9.12.2019, lch. 144, IO L 138, 26.5.2016, p. 102.

55 Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a mhéid a bhaineann leis an margadh do sheirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt, IO L 354, 23.12.2016, lch. 22.

56 Rialachán (AE) Uimh. 2019/554 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail, IO L 97, 8.4.2019, lch. 1.

57 Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann leis na feidhmchláir theileamaitice d'fhochórais lasta an

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/761 ón gCoimisiún[58],
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/762 ón gCoimisiún[59],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún[60],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/278 ón gCoimisiún[61],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún[62],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/763 ón gCoimisiún[63],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 ón gCoimisiún[64],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/867 ón gCoimisiún[65],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/868 ón gCoimisiún[66],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/250 ón gCoimisiún[67],

---

chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 62/2006, IO L 356, 12.12.2014, lch. 438.

58 Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/761 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta sábháilteachta tar éis deimhniú aonair sábháilteachta nó údarú sábháilteachta a eisiúint de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2012 ón gCoimisiún, IO L 129, 25.5.2018, lch. 16.

59 Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/762 ón gCoimisiún an 8 Márta 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le ceanglais i ndáil le córas bainistíochta sábháilteachta de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1158/2010 agus (AE) Uimh. 1169/2010 ón gCoimisiún, IO L 129, 25.5.2018, lch. 26.

60 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2017 maidir le plean imscartha an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid, IO L 3, 6.1.2017, lch. 6.

61 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/278 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2018 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le struchtúr na dteachtaireachtaí, leis an tsamhail sonraí agus teachtaireachtaí, leis an mBunachar Sonraí Oibriúcháin Vaigín agus Aonaid Idirmhódúil, agus chun caighdeán TF a ghlacadh le haghaidh sraith chumarsáide an Chomhéadain Choitinn, IO L 54, 24.2.2018, lch. 11.

62 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2018 lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir leis an bpróiseas údaraithe um fheithiclí iarnróid agus um chineál feithiclí iarnróid de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 90, 6.4.2018, lch. 66.

63 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/763 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2018 lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir le deimhnithe sábháilteachta aonair a eisiúint chuig gnóthais iarnróid de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 653/2007 ón gCoimisiún, IO L 129, 25.5.2018, lch. 49.

64 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2018 maidir leis na táillí agus na muirir iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus na coinníollacha a bhaineann lena n-íocaíocht, IO L 129, 25.5.2018, lch. 68.

65 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/867 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2018 lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Bhoird Achomhairc Ghníomhaireachta Iarnróid an Aontais Eorpaigh, IO L 149, 14.6.2018, lch. 3.

66 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/868 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1301/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 a mhéid a bhaineann le forálacha maidir le córas tomhais fuinnimh agus córas bailithe sonraí, IO L 149, 14.6.2018, lch. 16.

67 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/250 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2019 maidir le teimpléid na ndearbhuithe agus na ndeimhnithe 'CE' le haghaidh comhábhair idir-inoibritheachta agus fochórais iarnróid, maidir le múnla an dearbhaithe comhréireachta le haghaidh cineál údaraithe feithicil iarnróid agus maidir leis na nósanna imeachta um fhíorú 'CE' le haghaidh fochóras i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 201/2011 ón gCoimisiún, IO L 42, 13.2.2019, lch. 9.

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún[68],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún[69],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/774 ón gCoimisiún[70],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/775 ón gCoimisiún[71],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 ón gCoimisiún[72],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún[73],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/778 ón gCoimisiún[74],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún[75],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún[76],
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/424 ón gCoimisiún[77],
- Treoir 2014/38/AE ón gCoimisiún[78],

---

68 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 a mhéid a bhaineann le fardal na sócmhainní d'fhonn bacainní ar inrochtaineacht a shainaithint, faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hinrochtaineacht, IO L 139I, 27.5.2019, lch. 1.

69 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE, IO L 139I , 27.5.2019, lch 5.

70 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/774 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na sonraíochta teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'rothstoc – torann' i leith vaigíní lastais atá ann cheana, IO L 139I , 27.5.2019, lch. 89.

71 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/775 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 454/2011 a mhéid a bhaineann le Bainistiú Rialaithe Athruithe, IO L 139I, 27.5.2019, lch. 103.

72 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 an 16 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE) 2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún, IO L 139I , 27.5.2019, lch. 108.

73 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis na sonraíochtaí coiteanna chlár an bhonneagair iarnróid agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/880/AE, IO L 139I, 27.5.2019, lch. 312.

74 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/778 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le Bainistiú Rialaithe Athruithe, IO L 139I, 27.5.2019, lch. 356.

75 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le córas deimhniúcháin le haghaidh eintiteas atá freagrach as cothabháil feithiclí de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 ón gCoimisiún, IO L 139I, 27.5.2019, lch. 360.

76 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún an 9 Márta 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1302/2014 agus (AE) 2016/919 a mhéid a bhaineann leis an limistéar úsáide a leathnú agus leis na céimeanna aistrithe, IO L 73, 10.3.2020, lch. 6.

77 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/424 ón gCoimisiún an 19 Márta 2020 maidir le faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin a mhéid a bhaineann le neamhchur i bhfeidhm sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797, IO L 84, 20.3.2020, lch. 20.

78 Treoir 2014/38/AE ón gCoimisiún an 10 Márta 2014 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailliú torainn, IO L 70, 11.3.2014. lch. 20.

- Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún[79],

(4) Ba cheart Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar na dréacht-Chinntí ó Chomhchoiste LEE a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar na dréachtchinntí ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[79] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh na gclár feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún, IO L 268, 26.10.2018, lch. 53.